**Polasaí Riachtanais Speisialta Oideachais**

**Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin**

## 1. Ráiteas Misin Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin

Is meánscoil lán ghaelach ionchuimsitheach í Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin atá faoi phatrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Cothaítear meas, cothromaíocht agus ionracas, araon le cur chun cinn na Gaeilge i measc phobal uile an Ghaelcholáiste.

An aidhm atá ag Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin ná a bheith ina gceannródaithe oideachasúla, ag neartú gach gné den fhoghlaim le teicneolaíochta nua-aimseartha. Spreagtar gach dalta an caighdeán is airde a fháil, áit a dtugtar misneach agus tacaíocht do gach mac léinn barr a gcumas a bhaint amach.

## 2. Comhthéacs;

Tá an polasaí seo bunaithe go príomha ar na treoirlínte atá le fáil sna cáipéisí seo a leanas:

a) Ciorcláin 0014/17, 0008/2019, 0075/2022, 0001/2023, 0080/2024, 0039/2025
b) Treoirlínte d’Iarbhunscoileanna “Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu” 2024.
c) Contanam Tacaíochta NEPS.

d) Pacáiste Acmhainní NEPS.

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhthéacs an Polasaí Iontrála, an Cód Iompair, an Polasaí Follaine, an Polasaí Tréadchúraim, an Beartas i Leith na Gaeilge, agus an Polasaí Treorach, an Polasaí ar Theicneolaíocht Chúnta, araon leis na cáipéisí luaite thuas.

## 3. Aidhmeanna an Pholasaí

a) Féin-mhuinín na ndaltaí a chothú.
b) Rannpháirtíocht gach dalta a chinntiú.
c) Tacaíocht agus seirbhísí a chur ar fáil chun rannpháirtíocht a spreagadh.
d) Go mbeidh an deis céanna ag gach dalta de réir a gcumas féin teacht ar churaclam cuí.
e) Curaclam a oiriúiniú agus straitéisí éifeachtacha a chur chun cinn le haghaidh scoláirí le riachtanais oideachasúla speisialta a mhúineadh ag an dara leibhéal.
f) Eolas agus scileanna múinteoirí a chothú agus traenáil a chur chun cinn.
g) Comhoibriú agus cumarsáid rialta le Tuistí/Caomhnóirí chun tacú le dul chun cinn na ndaltaí
h) Go mbeadh an polasaí ceangailte leis an bPlean Uile Scoile.
i) Chun seasamh leis na hachtanna éagsúla atá achtaithe(m.sh. Acht EPSEN 2004, srl).
j) Soiléiriú a dhéanamh ar an ról atá ag gach ball d'fhoireann na scoile i gcúrsaí riachtanais speisialta.
k) Chun dáileadh na huaireanta RSO a shoiléiriú do phobal na scoile.

## 4. Ciorclán 0014/2017

Tá trí leibhéal i gceist sa mhúnla nua tacaíochta foghlama

Leibhéal 1: Tacaíocht do chách

Leibhéal 2: Tacaíocht do chuid

Leibhéal 3: Tacaíocht do líon beag scoláirí

## 5. Leibhéal 1: Tacaíocht do chách

a) Caithfidh foireann iomlán na scoile timpeallacht dhearfach agus shábhailte a chruthú sa scoil.

b) Beidh córas iompraíochta éifeachtach i bhfeidhm sa scoil.

c) Aithneofear deacrachtaí iompraíochta/sóisialta/meabhairshláinte agus foghlama go luath ag cruinnithe rialta de chuid CoisteTacaíochta na Scoile (deánfaidh gach múinteoir scoláirí a mbíonn údar imní fúthu a aththreorú chuig an gCoiste Tacaíochta agus baileofar sonraí go luath faoi scoláirí a mbíonn údar imní fúthu ag úsáid seicliostaí oiriúnacha as pacáiste acmhainní NEPS).

d) Cuirfear traenáil oiriúnach ar fáil do mhúinteoirí ón CNOS (NCSE).

e) Nuair a theipeann ar idirghabhálacha ag léibhéal 1, déanfaidh an coiste tacaíochta scoláirí a aththreorú chuig léibhéal a 2.

f) Iarrtar ar na bunscoileanna aon eolas atá acu maidir le scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais a sheoladh ar aghaidh chuig an Phríomhoide i bhfoirm pasanna oideachais.

g) Ag tús na scoilbliana, cuirfear eolas faoina scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais ar fáil do gach múinteoir, le cead ón Tuismitheoir/Caomhnóir. Tugtar le fios do chuile mhúinteoir go bhfuil an t-eolas rúnda agus déantar plé ar thástáil an tsiceolaí maidir leis an riachtanas speisialta agus na moltaí atá tugtha.

h) Usáidtear Tástáil Caighdeánach agus tástáil diagnóiseach ar nós CAT4, WRAT 5 chun tacú leis an scoil. Déantar Tástáileacha CAT 4 ag tús na Chéad Bhliana, agus cinn WRAT 5 mar is ghá sa Dara agus sa Cúigiú Bliain.

## 6. Leibhéal 2: Tacaíocht do chuid

a) Is féidir scoláire a athreorú chuig léibhéál a 2/3 má aithnítéar an gá sin i dtuairiscí síceolaíochta, tuairiscí ó bhéal, nó aon fhianaise eile.

b) Cuirfear tacíochtaí breise ar fáil do roinnt scoláirí le deacrachtaí iompraíochta/meabhairshláinte/foghlama nó sóisialta (le tacaíocht ó mhúinteoirí bliana

nó baill eile foirne de réir mar is cuí). D'fhéadfaí gur ranganna tacaíochta foghlama aonair a bheadh anseo nó teagasc do ghrúpa beag m.sh. a bheadh ag feidhmiú ag léibhéal níos ísle nó a bheadh ag léibhéal eisceachtúil, nó tacaíocht sna ranganna tríd buíonteagasc.

c) Déanfar iarratas ar choinníollacha RACE sna Scrúduithe Stáit dóibh siúd ina theideal.

d) Casfaidh comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais nó ball eile den fhoireann riachtanais speisialta oideachais le príomhoidí & múinteoirí acmhainní sna bunscoileanna áitiúla ina mbeidh scoláirí, atá aitheanta le riachtanais oideachais, ag clárú i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin sa chéad bhliain.

e) Casfar le tuismitheoirí/caomhnóirí más gá freisin, chun breis eolais a bhailiú, faoi na scoláirí atá aitheanta. Casfar le tuismitheoirí/ caomhnóirí go rialta i rith na scoil bliana chun dul chun cinn scoláirí a phlé.

f) Pléann an fhoireann RSO na scoláirí ar fad atá i dteideal tacaíochta foghlama ag cruinnithe rialta, i dtaca le múinteoirí a bhíonn i mbun ranganna le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Eagrófar tuilleadh measúnaithe ar na scoláirí seo ag úsáid seicliostaí srl. de réir mar is cuí.

g) Le haghaidh gach idirghabháil a chuirtear i bhfeidhm ag leibhéil 2/3, lorgófar inchur agus cead an tuismitheora.

h) Tógfar tástáil an tsiceolaí san áireamh chun plean oideachasúil a chur le chéile don scoláire sin.

i) Ní ionann an leibhéal seo tacaíochta agus dianrang dóibh siúd atá ag lorg grád níos airde, agus go háirithe iad siúd atá ag feidhmiú ag leibhéal na hárdleibhéile.

## 7. Leibhéal 3: Tacaíocht do líon beag scoláirí

a) Mura léir, tar éis tréimhse oiriúnach idirghabhálach agus athbhreithnithe, nách bhfuil tacaíocht leibhéal a 2 chun dul i ngleic go héifeachtach le deacracht a bhíonn ag scoláirí, is cóir go ndeánfadh an fhoireann RSO an scoláire sin a aththreorú do thacaíochtaí leibhéal a 3. Is éard atá anseo ná cúram níos tréine agus níos dírithe ar an scoláire aonair. Déantar teagmháil le heagraíochtaí sheachtracha ar nós NEPS, CAMHS, agus teiripeoirí más gá.

b) Tógtar tástáil an tsiceolaí san áireamh chun plean oideachasúil a chur le chéile don scoláire sin.
c) Déanfar teagmháil le scoláirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí agus eagraíochtaí sheachtracha eile nuair atá plean aonair á fhorbairt do na scoláirí seo.
d) Deánfar agallamh, breathnadóireacht, taifead a choinneáil agus úsáidfear seicliostaí chun buanna agus riachtanais scoláirí a aithint agus a mheas ar bhonn rialta.
e) Deánfar spriocanna a leagan amach ag baint úsáide as straitéisí réalaíocha chun é sin a dhéanamh.
f) Forbrófar cur chuige le réimse straitéisí, chun dul i ngleic le mí-iompar atá ar scála fíor ard.
g) Déanfar scoláirí a aththreorú chomh luath agus a aithnítear an gá chuig seirbhísí sheachtracha ar nós CAMHS agus/nó NEPS.

## 8. Ról atá ag gach ball d'fhoireann na scoile

| | **Múinteoirí Ábhair** | **Sain-Mhúinteoirí** | **Bainistíocht na Scoile** |
|---|---|---|---|
| **Tacaíocht do Chách** | Gníomhaíochtaí múineadh agus foghlaim a dhifreálú<br><br>Timpeallacht dearfach ranga a chothú ina n-úsáidtear aiseolas foirmitheach agus dearfach<br><br>Dul chun cinn a thomhas agus a mheas | Anailís agus léamh ar Shonraí dhaltaí, sonraí ó tástáileacha iontrála, eolas aitriúcháin, sonraí iompair agus thinrimh.<br><br>Comhoibriú le múinteoirí ábhair | Ceannaireacht a léiriú le polasaithe uile-scoile a léiriú; Iontráil, Measúnú agus Cuimsíocht<br><br>Bainistíocht stráitéiseach ar na polasaithe agus na cleachtais a chur i bhfeidhm |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Deiseanna a thabhairt a bheith rathúil<br><br>Buairt a roinnt le comhleacaithe<br><br>Comhoibriú le sain-mhúinteoirí | | Tacaíocht stráitésieach d’idirghabhail fhianaiseach |
| **Tacaíocht do Chuid** | **Mar atá thuas agus**<br><br>Ionchur ar phleanáil/athbhreithniú ghrúpa nó phleanáil/athbhreithniú aonair<br><br>Stráitéisí aontaithe a chur i bhfeidhm<br><br>Dul chun cinn agus buairt a roinnt leis an gcomhordaitheoir | **Mar atá thuas agus**<br>Tástáileacha diagnóiseacha<br><br>Teagmháil le tuismitheoirí<br><br>Eolas a bhailiú ó mhúintoeirí/baill fóirne eile<br><br>Pleanáil, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar idirghabháil aonair/ghrúpa | **Mar atá thuas agus**<br>Róil agus freagrachtaí a dháileadh<br><br>Taifead a choimeád orthu siúd ag an leibhéal seo thacaíochta |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Comhairle seachtrach proifisiúnta a lorg mar is gá<br><br>Dualgaisí an chomhórdaitheora a dhéanamh | |
| **Tacaíocht do Líon Beag Scoláirí** | **Mar atá thuas agus**<br>Eolas a ullmhú le haghaidh cruinnithe Pleanála PAO<br><br>Cláir agus stráitéisí speisialta aonair a chur i bhfeidhm<br><br>Obair na gCúntóirí Riachtanaisí Speisialta a threorú | **Mar atá thuas agus**<br>Freagairt aonair a phleanáil, a chur i bhfeidhm, a bhreithniú, agus a athbhreithniú<br><br>Obair na gCúntóirí Riachtanaisí Speisialta a threorú | **Mar atá thuas agus**<br>Cloí le raichtanaisí EPSEN. |

## 9. Plean Tacaíochta

Seo doiciméad déanta do dalta ainmnithe chun spriocanna an dalta sin a leagan amach don bhliain scoile. Déanfaidh an muinteoir RSO atá ag obair leis an dalta an próifíl a líonadh le comhairle ós na múinteoirí, na tuismitheoirí agus an dalta ag tús na scoil bliana. Tugann sé na straitéisí foghlamtha, acmhainní agus tacaíochtaí atá riachtanach don proiséas seo. De ghnáth bíonn mionathraithe ionchuimsitheach do chlár oideachas an dalta ag teastáil agus bíonn siad

seo leagtha amach sa doiciméad seo. Is plean gníomhach é agus déantar measúnú ar an doiciméad go rialta.

a) Leagan amach an Doiciméid:
b) Sonraí an Dalta
c) Suimeanna agus láidreachtaí an Dalta
d) Príomhbuarthaí
e) Cúiseanna féideartha do na buarthaí.
f) Spriocanna an Dalta
g) Stráitéisí chun cabhrú leis an dalta na spriocanna a bhaint amach
h) Foireann atá rannpháirteach agus na hacmhainní atá riachtanach

Spriocanna an Dalta:
Tá leagan amach spriocanna tábhachtach do mhúineadh agus foghlaim an dalta. Ba chóir dos na spriocanna cur síos a dhéanamh ar thuiscint agus scileanna an dalta laistigh d'am socraithe. Bíonn na spriocanna bunaithe ar láidreachtaí an dalta. Usáidtear an modh SICRU (SMART Targets): Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch agus Uainithe.

## 10.Rúndacht:

a) Coimeádtar na próifíl indibhidiúil, na torthaí agus na cuntais go léir faoi rún ag comhlíonadh riachtanais an tAcht um Chosaint Sonraí 2018.
b) Beidh deis ag na tuismitheoirí teacht ar shonraí tacaíocht foglamtha, de réir é a bheith iarratas.

## 11.Difreálú

Modh múinteoireachta is ea difreálú a chuireann timpeallacht chuimsitheach thacúla foghlamtha ar fáil sa seomra ranga do gach dalta. Déantar gach iarracht chun a chinntiú go bhfuil gach dalta sa rang ag baint amach an méid agus is féidir leo dé réir an leibhéal cumais atá acu, daltaí le riachtanais speisialta chomh maith le daltaí le cumas ar leith.

Deantar difreálú tríd bhéim a chuir ar:

a) An bhealach a mhúintear agus a fhoghlaimítear an t-ábhar.
b) An treoir a thugtar sa rang – cé mhéid agus cathain?
c) Na tascanna a thugtar do na scolairí - tascanna difriúla ag brath ar chumas an scolaire.
d) Ag eagrú grúpaí – Rogha oiriúnach a dhéanamh faoi na grupaí a chuirtear le chéile nuair atá obair ghrupaí i gceist ar mhaithe le forbairt foghlama gach scolaire.
e) Ceisteanna an mhúinteora: Meascán de cheisteanna dúnta (ag leibhéal cognaíoch íseal) agus oscailte (ag leibhéal cognaíoch ard) ar mhaithe le forbairt foghlama gach dalta.
f) Na hacmhainní a úsáideann an múinteoir: Úsaid a bhaint as réimse leathan acmhainní chun stíl foghlama gach dalta a shásamh.
g) Modh teagaisc agus bainistiú ranga: Cinneadh a dhéanamh ar an modh teagaisc is oiriúnaí chun foghlaim gach dalta sa rang a fhorbairt.
h) Luas – an teagasc agus luas foghlamtha an dalta.
i) An toradh - an tslí a chuirtear an fhoghlaim in iúl. Iarracht a dhéanamh sa rang rogha a thabhairt dos na daltaí a gcuid foghlaim a chuir in iúl i mbealaí difriúla.
j) Méid - a bheith réalaíoch faoin méid atáimid ag súil ó gach dalta sna tascanna a thugtar dóibh, ag brath ar chumas an dalta.

## 12. Aistriú Daltaí le RSO

Tugtar cuireadh chuig na scoile d'aon pháiste le diagnóis RSO nó do dhaltaí atá imníoch faoin aistriú ón mBunscoil chun dul i dtaithí leis an timpeallacht, foirgnimh agus na múinteoirí. Is féidir leis na turais seo a bheith eagraithe tríd an mbunscoil agus a múinteoir RSO, an Ceann Bliana, an Comhordaitheoir RSO agus tuismitheoirí a bheith ina dteannta leo.

Má aistríonn dalta le RSO ó mhéanscoil eile, ní mór do na tuistí na cáipéisí agus cóipeanna do scríbhínní a fháil ón scoil agus iad a chur ar fáil don scoil nua.
https://ncse.ie/wp-content/uploads/2016/01/3-NCSE-2016-Changing-Schools-final-web-27.01.16.pdf

## 13. Socruithe Reasúnacha do Scrúdaithe Stáit

a) Cuirtear tús le measunú agus monatóireacht ar dhaltaí a mbeadh socruithe réasúnacha uathu don Sraith Shóisearach agus don Ardteist ag deireadh an 2ú bliain agus an 5ú bliain.

b) Lorgaítear Comhairle ó na múinteoirí ábhair agus ó na ceannairí bliana.

c) Lorgaítear treoir agus comhairle ó eagraíochtaí sheachtracha bainteach leis an dalta

d) Teagmhail a dhéanamh le Coimisiún na Scrúdaithe Stáit chun na socruithe a shocrú.

## 14. Eagraíochtaí Seachtracha

Tugann na heagraíochtaí seachtracha seo tacaíocht dúinn agus dár ndaltaí:

a) An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)
b) Coimisiún na Scrúdaithe Stáit (CSS)
c) An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA)
d) An Fhoireann Tacaíochta um Seirbhísí Síceolaíochta an BOOACDL (PSS)
e) Eagraíochtaí Seachtracha Eile m.sh. Síceolaí, Síciatraí, Teiripeoirí saothair, Teiripeoirí urlabhra agus teanga.

Ní liosta uileghabhálach í seo agus forbróidh Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin nascanna sa bhreis, faoi mar a héilíonn riachtanaisí na ndaltaí.

## 15. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Tá ról na teicneolaíochta fíor-thábhachtach in oideachas daltaí Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Tuigimid a tábhacht sa sochaí nua-aimseartha seo agus an poitéinseal atá aici chun foghlaim na daltaí le riachtanaisí speisialta oideachas a fheabhsú.

a) Tá iPad ag gach múinteoir.

b) Tá iPad ag gach dalta. Tá acmhainní air atá oiriúnach do daltaí le riachtanaisí speisialta oideachas cosúil le rochtain treoraithe (guided access), rogha léamh amach an eolas, iBooks, Padlet agus aipeanna eile.
c) Tá Apple TV i ngach seomra ranga.
d) Tá é-leabhair ag gach scoláire.
e) Tá idirlíon ar fáil timpeall na scoile.
f) Baintear usáid as Google Drive agus Google Classrooms chun ábhar ranga a chuir ar fáil dos na daltaí agus eolas a roinnt leis na múinteoirí.

## 16. Folláine

Déanann na múinteoirí agus an roinn RSO iarracht na tascairí folláine a chur chun cinn i ngach rang, ranganna tacaíochta san áireamh. Usáidtear an múnla nua tacaíochta foghlama chun é seo a dhéanamh.

a) Leibhéal 1: Tacaíocht do chách: Ag an leibhéal seo, usáidtear cur chuige sa scoil uile. Tá polasaithe agus modhanna oibre a chuireann folláine chun cinn do gach ball don scoil. An aidhm atá acu ná timpeallacht sábháilte a chur ar fáil a spreagann folláine na ndaltaí, chomh maith le tuiscint agus dílseacht na folláine a chur chun cinn agus aitheantas agus idirghabháil luath a chur ar fáil.

b) Leibhéal 2: Tacaíocht do chuid: Tá sé seo dírithe ar ghrupaí sainaitheanta atá faoi riosca dul faoi phátrúin diúltacha foghlama. Cuireann na structúir seo folláin chun cinn dos na grúpaí seo. Tugann an Roinn RSO agus Bainistíocht na Scoile tacaíocht do seo.

c) Leibhéál 3: Tacaíocht do líon beag daltaí: Tá béim anseo ar ghrúpaí daltaí le riachtanaisí níos casta. Tugann an Plean Tacaíochta cabhair a bhfolláine a chur chun cinn.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bPolasaí seo ar an 15ú Deireadh Fómhair, 2019.

Rinneadh athbhreithniú air ar an 10Ú Feabhra 2026.